# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Staidéar Gnó

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
# State Examinations Commission

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015**

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

## Scéim Mharcála agus Réitigh Mholta

# ROINN A

## (80 marc)

**Freagair an 20 ceist ar fad. Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist.**

---

**1.** Amharcaonad Taispeána (Aonad Taispeána Físe)

An Gréasán Domhanda

Láraonad Próiseála

**2.**

| | |
|---|---|
| **Cumarsáid Bhéil**: | Cruinnithe, seimineáir, teileafón, idirchum, na meáin shóisialta |
| **Cumarsáid Scríofa**: | R-phost, cáipéisí gnó, teachtaireachtaí sms, meabhrán, tuairisc, nuachtlitir, cláir fógraí, inlíon |

**3.** (i) Sócmhainní Seasta (ii) €129,000 (iii) Caipiteal Oibre

**4.**

| **Freagra**: **(2)** |
|---|
| 15% |

| **Obair**: **(2)** |
|---|
| Glanbhrabús = 160,000 – 64,000 = 96,000 <br> $\frac{96,000}{640,000} \times \frac{100}{1} = 15\%$ |

**5.** **Mínigh an téarma 'Achtúire'**:

**Is ionann Achtúire agus**: Gairmí airgeadais a dhéanann riosca/toradh agus neamhchinnteacht a anailísiú, rud a úsáidtear ina dhiaidh sin le préimheanna árachais a ríomh.

**6.**

**(i) Cuntas Ceannachán**

| Dr | | | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| 2015<br>5 Meith. | **(ii) Banc** | 1,700 | | | |

**(iii) Cuntas Bainc**

| Dr | | | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| | | | 2015<br>5 Meith. | **(iv) Ceannacháin** | 1,700 |

**7.**

| Dr | | **Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe** | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| 01/05/15 | Iarmhéid t/a | **5,900** | | Airgead Tirim a Fuarthas | **5,400** |
| | Díolacháin | **6,100** | 31/05/15 | Iarmhéid t/s | **6,600** |
| | | 12,000 | | | 12,000 |
| 01/06/15 | Iarmhéid t/a | 6,600 | | | |
| | | | | | |

**NÓ (Formáid Mhalartach)**

| **Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Dr | Sr | Iarmhéid |
| | | € | € | € |
| 01/05/15 | Iarmhéid t/a | | | **5,900** |
| | Díolacháin | **6,100** | | 12,000 |
| | Airgead Tirim a Fuarthas | | **5,400** | **6,600** |
| | | | | |

**8. Mínigh, le sampla, an téarma 'Ionadú Iompórtálacha'.**

Beartas eacnamaíochta a spreagann ionadú iompórtálacha le hearraí/seirbhísí (Éireannacha) a tháirgtear sa tír, e.g. prátaí na hÉireann a cheannach in ionad phrátaí na hÍsiltíre.

**9.**

| | **Ráiteas Oibriúcháin** | **Clár Comhardaithe** |
|---|---|---|
| Díolachán féar tirim | ✓ | |
| Stoc leasú talún (31/12/2014) | ✓ | ✓ |
| Stáblaí | | ✓ |

**10. Mínigh an téarma 'Fruilcheannach'.**

Socrú airgeadais atá i gceist ina mbaineann duine úsáid as earraí ar feadh tréimhse trí éarlais a íoc agus íocaíochtaí rialta a dhéanamh ina dhiaidh sin. Glactar úinéireacht ar na hearraí nuair a dhéantar an íocaíocht deiridh.

**11.**

| **Ó Drisceoil Teo. – Leabhar Cúnta Ginearálta** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | Dr | Sr |
| | | | € | € |
| 01/01/2015 | Foirgnimh | $MLG_1$ | 812,000 | |
| | Rótharraingt Bhainc | $LA_1$ | | **22,500** |
| | Creidiúnaithe | $MLC_1$ | | **26,600** |
| | Gnáth-Scairchaipiteal | $MLG_2$ | | **762,900** |
| | *Sócmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal Uí Dhrisceoil Teo. ar an dáta seo.* | | **812,000** | **812,000** |

**12.**

| **Freagra**: | **(2)** |
|---|---|
| €10,450 | |

| **Obair**: | **(2)** |
|---|---|
| 19,000 × 0.45 = 8,550 (íoctha)<br>Drochfhiacha = 19,000 – 8,550 = 10,450<br>**NÓ**<br>19,000 × 0.55 =10,450 (modh malartach) | |

**13.** Mínigh **dhá** chúis le haischuir isteach.

(i) Ní raibh na hearraí mar an gcéanna leis na hearraí a ordaíodh

(ii) Níor seachadadh na hearraí ar an dáta a comhaontaíodh

(iii) Fuarthas cainníocht mhícheart

(iv) Bhí na hearraí damáistithe

**14.**

Sonrasc

Nóta Creidmheasa

Seic

**15.**

Scairshealbhóirí

An Bord Stiúrthóirí

An Roinn Díolacháin

**16.**

| | € |
|---|---|
| Iomlán (gan CBL san áireamh) | 1500.00 |
| Lascaine Thrádála **35%** | **525.00** |
| Fo-iomlán | **975.00** |
| CBL **23%** | **224.25** |
| Iomlán (CBL san áireamh) | **1199.25** |

**17.**

(ii) Ús

(iii) Brabús

(iv) Pá

**18.** B C D

**19.**

| **De Faoite Teo. – Leabhar na nAischur Amach** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Uimh. NC | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
| **24/05/15** | **Ó Duibh Teo.** | **50** | **CL** | 5,000 | 1,150 | **6,150** |

**20.** **1.** Tairiscint Speisialta/Praghsáil tionscnaimh (‘Cur chun cinn’)/Lascainí.

**2.** Urraíocht

**Iomlán 80 marc**